



**Nóta Treorach
maidir le líníochtaí CAD a chur ar fáil
i dtaca le Forbairtí Bonneagair Straitéisigh
agus Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta**

Teil (01) 858 8100 Tel
Glaó Áitiúil 1890 275 175 LoCall

64 Sráid Mhaoilbhríde **Láithreán Gréasáin www.pleanala.ie Web** 64 Marlborough Street
Baile Átha Cliath 1 **Ríomhphost bord@pleanala.ie Email** Dublin 1

1. I dtaobh na Nótaí Treoracha seo

Ullmhaíodh na nótaí treoracha seo mar chabhair d'iarratasóirí agus iad ag cur líníochtaí CAD isteach chuig an mBord Pleanála i gcás iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh agus Forbairt Straitéiseach Tithíochta.

2. Réamhrá

Chun cabhrú leis an mBord Pleanála taifead d'iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh agus Forbairt Straitéiseach Tithíochta a choimeád i bhformáid sonraí spásúla, iarrtar ar iarratasóirí teorainn an tsuímh nó achar an tsuímh a chur ar fáil i bhfoirm cruthchomhad ERSI i gcóras tagartha comhordanáidí Trasteilgean Mercator na hÉireann (ITM IRNET95) lena úsáid i mBogearraí Faisnéise Geografacha. I gcás nach bhfuil cruthchomhad ESRI ar fáil, is féidir líníocht CAD a chur isteach ach na critéir seo a leanas a chomhlíonadh.

3. Riachtanais CAD

3.1. Formáid Sonraí

Ba chóir do chomhaid CAD a bheith i bhformáid .dwg.

3.2. An coinbhinsiún d'ainmniú na gcomhad

Ba chóir Uimhir Thagartha Cáis an Bhoird Phleanála m.sh. ABP30000218.dwg a úsáid, más eol, NÓ, Uimhir Thagartha Comhairliúchán Réamhiarratais an Bhoird Phleanála, más eol.

3.3. Sraitheanna

Ba chóir gach teorainn suímh a tharraingt ar shraith amháin ar a dtabharfar "site_boundary", le línechló leanúnach agus i ndath dearg.

Status	Name	Show	Frozen	Lock	LineColor	LineStyle	LineWeight
	0				White	Continu...id line	Default
	site_boundary				Red	Continu...id line	Default

3.4. Céimseata

Ba chóir gach teorainn suímh a léiriú i bpolagán dúnta. Níor cheart aon fhorluí nó féintrasnú a bheith ann idir polagáin.

Ba chóir gach céimseata eile, bloic theidil agus anótáil a ghlanadh den líníocht.

Ní mór do gach céimseata sa líníocht a bheith tagartha do chóras comhordanáidí teilgthe an ITM (Trasteilgean Mercator na hÉireann).

Ba chóir do gach aonad líneach a bheith i méadair.

4. Líníocht CAD a chur isteach

Ba chóir an líníocht CAD a chur isteach ar CD-ROM ar leithligh. Ba chóir lipéad digiteach le hUimhir Thagartha Cáis an Bhoird Phleanála, teideal an tionscadail agus dáta an chuir isteach a bheith ar an CD-ROM i bhformáid yyyymmdd.

END.